He didn't do that lesson yet.

Chuala daidí thusa agus Bríd ag caint.

Daddy heard you and Bríd talking.

Fuair na leanaí uachtar reoite. Ní fhaca aon duine an garda ag teacht.

The children got ice-cream. No one saw the guard coming.

Níor thug mé ach trí scilling fós.

I gave only three shillings yet.


Ní dúirt Tomás an ceacht sin.

Tomás didn't say that lesson.

mo my  
do your (one person)

mo phíopa my pipe  
mise I (emphatic)  
sa halla in the hall

do phóca your pocket  
ansin there



A LOST PIPE

Pádraig can't find his pipe, but Seán comes to the rescue.

PÁDRAIG Ní fhaca aon duine mo phíopa ?

NÓRA Nach bhfuil sé i do phóca ?

PÁDRAIG Níl, maise.

SEÁN Chonaic mise é. Bhí sé ar an mbord sa halla. (goes out to see)

PÁDRAIG Maith an buachaill, a Sheáin. An bhfuil sé ansin anois ?

SEÁN (comes in) Bhí sé ar an mbord fós. Seo duit é.

PÁDRAIG Go hiontach ! Go raibh maith agat.

PÁDRAIG No one saw my pipe ?

NÓRA Isn't it in your pocket.

PÁDRAIG No, indeed.

SEÁN I saw it. It was on the table in the hall. (goes out to see)

PÁDRAIG Good boy, Seán. Is it there now ?

SEÁN (comes in) It was still on the table. Here you are.

PÁDRAIG Great ! Thank you.



air on it, for it

|                            |                               |
|----------------------------|-------------------------------|
| cá mhéad a thug tú air?    | how much did you give for it? |
| thug mé seacht bpingin air | I gave sevenpence for it      |
| seacht bpingin             | sevenpence                    |
| ocht bpingin               | eightpence                    |
| naoi bpingin               | ninepence                     |
| deich bpingin              | tenpence                      |
| aon phingin déag           | elevenpence                   |
| dhá phingin déag           | twelvepence                   |
| Similarly                  |                               |
| seacht bpunt               | seven                         |
|                            | pounds                        |
| aon phunt déag             | eleven pounds                 |
|                            | etc.                          |
| seacht scilling            | seven                         |
|                            | shillings                     |
| aon scilling déag          | eleven                        |
|                            | shillings                     |
|                            | etc.                          |



Thug sí seacht bpunt air.



Thug sí naoi bpunt air.



Thug sí aon phunt déag air.

Fuair an fear deich bpunt ar an rothar.

Níor thug mé ach seacht bpunt air.

Ní bhfuair siad na naoi bpunt fós.

Cá bhfuair na leanaí na deich bpingin?

Dúirt sí go raibh dhá phunt déag air.


Fuair mé ocht scilling sa phóca sin.



Thug sí ocht bpunt air.



Thug sí deich bpunt air.



Thug sí dhá phunt déag air.

The man got £10 for the bicycle.

I gave only £7 for it.

They didn't get the nine pounds yet.


Where did the children get the tenpence?

She said it cost twelve pounds.

I got eight shillings in that pocket.

sílim I think

|            |            |             |                |
|------------|------------|-------------|----------------|
| ar fad     | altogether | saor        | cheap          |
| atá ann    | it is      | bán         | white          |
| dath       | colour     | báinín      | bawneen        |
| go deimhin | indeed     | cóta báinín | a bawneen coat |



A NEW COAT

Nóra and Cáit discuss the new coat which Máirín has got recently.

NÓRA Fuair Máirín cóta nua.

CÁIT An bhfuair anois? Cá mhéad a thug sí air?

NÓRA Deich bpunt, sílim. Bhí sé saor go leor.

CÁIT Bhí go deimhin. Dhá phunt déag a bhí ar an gcóta seo.

NÓRA Chonaic mé inné é. Tá sé go han-deas ar fad.

CÁIT Cén dath atá air?

NÓRA Dath bán. Cóta báinín atá ann.

NÓRA Máirín got a new coat.

CÁIT Did she now? How much did she pay for it?

NÓRA Ten pounds, I think. It was cheap enough.

CÁIT It was indeed. This one cost twelve pounds.

NÓRA I saw it yesterday. It's very nice indeed.

CÁIT What colour is it?

NÓRA White. It is a bawneen coat.



CEACHT 31

an ndeachaigh siad ? *did they go ?*  
 ní dheachaigh siad *they didn't go*  
 chuaigh siad *they went*

suas *up*  
 síos *down*  
 amach *out*

isteach *in*  
 ar scoil *to school*  
 ar Aifreann *to Mass*



Chuaigh siad suas.



Chuaigh siad síos.



Chuaigh siad amach.



Chuaigh siad isteach.



Chuaigh siad ar scoil.




Chuaigh siad ar Aifreann.

An ndeachaigh daidí ar Aifreann fós ?  
 Chonaic mé Páid ag dul ar scoil.  
 Chuaigh na buachaillí abhaile ar a sé a chlog.  
 Ní dheachaigh aon duine isteach fós.  
 An ndeachaigh an madra amach ar an mibóthar ?  
 Chuaigh na buachaillí síos an gairdín.

*Did daddy go to Mass yet ?*  
*I saw Páid going to school.*  
*The boys went home at six o'clock.*  
*No one went in yet.*  
*Did the dog go out on the road ?*  
*The boys went down the garden.*

seo ! *here !*

stampa *a stamp*      stampa chúig phingin *a fivepenny stamp*  
 fear an phoist *the postman*      seo deich scilling *here's ten shillings*  
 briseadh *change*      naoi bpingin de bhriseadh *ninepence change*



AT THE POST-OFFICE

*Nóra has letters to post and thinks she may be late.*

NÓRA Ar imigh fear an phoist fós ?  
 CÁIT Níor imigh ; níl sé a ceathair a chlog fós.  
 NÓRA Go maith, trí stampa chúig phingin, más é do thoil é.  
 CÁIT Scilling agus trí phingin, más é do thoil é.  
 NÓRA Seo deich scilling.  
 CÁIT Ocht scilling agus naoi bpingin de bhriseadh.  
 NÓRA Go raibh maith agat.  
 NÓRA Did the postman go yet ?  
 CÁIT No ; it's not four o'clock yet.  
 NÓRA Good, three fivepenny stamps, please.  
 CÁIT One and threepence, please.  
 NÓRA Here are ten shillings.  
 CÁIT Eight and ninepence change.  
 NÓRA Thank you.

ar chuir tú? *did you put?*

chuir mé *I put*

níor chuir mé *I didn't put*

an bainne *the milk*

an siúcra *the sugar*

an tsubh *the jam*

an t-arán *the bread*

an t-im *the butter*

an t-uisce *the water*



Ar chuir tú an bainne ar an mbosca?



Ar chuir tú an siúcra ar an mbosca?



Ar chuir tú an tsubh ar an mbosca?



Ar chuir tú an t-arán ar an mbosca?



Ar chuir tú an t-im ar an mbosca?



Ar chuir tú an t-uisce ar an mbosca?

Níor chuir sé isteach an rothar.

Ar chuir daidí isteach an carr?

Chuir mamaí suas an leanbh.

Chuir sí gach rud sa charr.

Ar chuir aon duine amach an cat?

Níor chuir tú isteach é.

*He didn't put in the bicycle.*

*Did daddy put in the car?*

*Mammy put the child up.*

*She put everything in the car.*

*Did anyone put out the cat?*

*You didn't put it in.*

don *to the, for the*

am codlata *bedtime*


don chat *for the cat*

níl sé ach a deich a chlog

mall go leor *late enough*

suas leat *up with you*

*it's only ten o'clock*



### BEDTIME

*Nóra makes sure Máire has done the odd jobs before sending her off to bed.*

NÓRA Am codlata anois, a Mháire!

MÁIRE Á, a mhamaí, níl sé ach a deich fós.

NÓRA Tá sé mall go leor. Ar chuir tú isteach do rothar?

MÁIRE Chuir, agus tá an madra istigh freisin.

NÓRA Maith an cailín. Ar thug tú bainne don chat?

MÁIRE Thug, agus chuir mé amach ansin é.

NÓRA Tá tú an-mhaith ar fad. Suas leat anois!

NÓRA Bedtime now, Máire!

MÁIRE Ah, mammy, it's only ten yet.

NÓRA It's late enough. Did you put in your bicycle?

MÁIRE Yes, and the dog is in also.

NÓRA Good girl. Did you give milk to the cat?

MÁIRE I did, and then I put him out.

NÓRA You're very good altogether. Up with you now!

air on him  
 chuir sé air he put on (him)  
 chaith sé air he threw on (him)  
 d'fhág sé air he left on (him)

a his  
 a léine his shirt  
 a stocaí his stockings  
 a bhróga his shoes  
 a bhríste his trousers  
 a chóta his coat  
 a chaipín his cap



Chuir sé air a léine.



Chuir sé air a bhróga.



Chuir sé air a chóta.

D'fhág sé air a chaipín.

Ar chuir Seán air a chóta mór?

Níor chuir daidí air a léine mhaith.

Chaith sé air a léine agus a bhríste.

Chaith sé a bhróga sa halla.

Níor fhág sé air a bhróga nua?



Chuir sé air a stocaí.



Chuir sé air a bhríste.



Chuir sé air a chaipín.

He left his cap on.

Did Seán put on his overcoat?

Daddy didn't put on his good shirt.


He threw on his shirt and trousers.

He threw his boots in the hall.

He didn't leave on his new shoes?

le with  
 leis with, with him

cé leis? whose is? le Seán (it is) Seán's  
 who owns?  
 níl a fhios agam I don't know cibé ar bith anyway



### UNTIDY SEÁN

Nóra is surprised to find Seán's coat on the table, Seán having gone out.

NÓRA Cé leis an cóta seo?

MÁIRE Le Seán, d'fhág sé ar an mbord é.

NÓRA Agus nach bhfuil aon chóta air anois?

MÁIRE Tá, chuir sé air a chóta nua.

NÓRA Agus cá ndeachaigh sé?

MÁIRE Níl a fhios agam; ní dúirt sé.

NÓRA Níor chuir sé suas an cóta seo, cibé ar bith.

NÓRA Who owns this coat?

MÁIRE Seán, he left it on the table.

NÓRA And has he no coat on now?

MÁIRE He has, he put on his new coat.

NÓRA And where did he go?

MÁIRE I don't know; he didn't say.

NÓRA He didn't put up this coat, anyway.



CEACHT 34

tá X agam *I have X*  
 níl X agam *I have no(t) X*

airgead *money*  
 gúna *a frock*  
 cathaoir *a chair*



Níl airgead agam.



Níl cathaoir agam.



Níl toitín agam.

Tá gúna nua agam.  
 Níl aon toitín agam anois.  
 Níl bróga nua agam fós.  
 Tá aon phunt déag agam sa  
 bhosca.  
 Tá a fhios agam.  
 Níl a fhios agam.

tobac *tobacco*  
 toitín *a cigarette*  
 cipín *a match*



Níl gúna agam.



Níl tobac agam.




Níl cipín agam.

*I have a new frock.*  
*I haven't a cigarette now.*  
*I haven't new shoes yet.*  
*I have £11 in the box.*  
*I know.*  
*I don't know.*

cuid *some*

ní fheicim *I don't see*  
 ag siúl *walking*  
 tamall ó shin *some time ago*  
 ceann *one (literally*  
*"a head")*



NO CIGARETTES

*Pádraig is short of cigarettes and is looking for Seán to run to the shop for some.*

PÁDRAIG Ní fheicim Seán anseo. Cá bhfuil sé?  
 NÓRA Níl a fhios agam. Chuaigh sé amach tamall ó shin.  
 PÁDRAIG Ar a rothar, an ea?  
 NÓRA Ní hea, bhí sé ag siúl.  
 PÁDRAIG Níl aon toitín agam.  
 NÓRA Tá cuid agamsa, seo duit ceann.  
 PÁDRAIG Go raibh maith agat. Tá sé sin go breá.  
 PÁDRAIG *I don't see Seán here. Where is he?*  
 NÓRA *I don't know. He went out a while ago.*  
 PÁDRAIG *On his bicycle, is it?*  
 NÓRA *No, he was walking.*  
 PÁDRAIG *I have no cigarettes.*  
 NÓRA *I have some, here's one.*  
 PÁDRAIG *Thanks. That's fine.*

CEACHT 35

|   |  |  |
|---|--|--|
| ar thug N ?<br>níor thug N<br>thug N          | <i>did N give ?<br/>N didn't give<br/>N gave</i>   |  |
| aon phunt déag <i>eleven<br/>pounds</i>       | ceithre phunt déag <i>fourteen<br/>pounds</i>      |  |
| dhá phunt déag <i>twelve<br/>pounds</i>       | cúig phunt déag <i>fifteen<br/>pounds</i>          |  |
| trí phunt déag <i>thirteen<br/>pounds</i>     | sé phunt déag <i>sixteen<br/>pounds</i>            |  |
| <i>Similarly</i>                              |  |  |
| aon phingin déag <i>eleven<br/>pence etc.</i> | aon scilling déag <i>eleven<br/>shillings etc.</i> |  |



Níor thug mé ach aon phunt déag air.



Níor thug mé ach dhá phunt déag air.



Níor thug mé ach trí phunt déag air.



Níor thug mé ach ceithre phunt déag air.



Níor thug mé ach cúig phunt déag air.



Níor thug mé ach sé phunt déag air.

Thug Seán cúig phunt déag ar a chóta nua.

*Seán gave £15 for his new coat.*

Ar thug tú mórán ar an ngúna ?

*Did you pay much for the dress ?*

Fuair sé ceithre phunt déag air. Thug siad airgead mór ar an teach.

*He got £14 for it. They paid a lot of money for the house.*

Cá bhfuair sé na trí scilling déag ?

*Where did he get the thirteen shillings ?*

Ar chuir sé an dá phunt déag ar an mbord ?

*Did he put the £12 on the table ?*

ort on you

|                  |                          |                 |                     |
|------------------|--------------------------|-----------------|---------------------|
| dom              | <i>for me</i>            | duit            | <i>for you</i>      |
| díreach i gceart | <i>exactly right</i>     | siopa Uí Bhroin | <i>Byrne's shop</i> |
| an dóigh leat ?  | <i>do you think so ?</i> | rómhór          | <i>too big</i>      |



CÁIT'S NEW COAT

*Nóra admires Cáit's new coat, which she bought for £10 a few days previously.*

NÓRA Cóta deas é sin ort, a Cháit.

CÁIT An dóigh leat ? Níor thug mé ach deich bpunt air.

NÓRA Cá bhfuair tú é ?

CÁIT I siopa Uí Bhroin—cúpla lá ó shin.

NÓRA Ceann deas é go deimhin.

CÁIT Níl sé rómhór dom ?

NÓRA Níl, tá sé díreach i gceart duit.

NÓRA *That's a nice coat on you, Cáit.*

CÁIT *Do you think so ? I only paid ten pounds for it.*

NÓRA *Where did you get it ?*

CÁIT *In Byrne's shop—a couple of days ago.*

NÓRA *It's a nice one, surely.*

CÁIT *It's not too big for me ?*

NÓRA *No, it's just right for you.*

is féidir liom *I am able, I can*  
 ní féidir liom *I am not able, I cannot*

fanacht *to stay*  
 imeacht *to go away*  
 teacht *to come*

ól *to drink*  
 ithe *to eat*  
 siúl *to walk*



Ní féidir liom fanacht.



Ní féidir liom imeacht.



Ní féidir liom teacht.



Ní féidir liom ól.



Ní féidir liom ithe.




Ní féidir liom siúl.

Is féidir liom fanacht anseo anois. *I can stay here now.*  
 Ní féidir liom dul amach ansin. *I cannot go out there.*  
 Is féidir liom siúl síos an bóthar. *I can walk down the road.*  
 Ní féidir liom imirt le Seán. *I cannot play with Seán.*  
 Is féidir liom rith abhaile. *I can run home.*  
 Ní féidir liom léim anois. *I cannot jump now.*

cén fáth? *what reason? why?*

anocht *tonight* inniu *today*  
 cén duine? *what person? who?* cara *a friend*  
 le fada *for a long time* seanchara *an old friend*  
 is trua sin *that's a pity* an bhfuil a fhios agat? *do you know?*



### AN ABSENT FRIEND

*Cáit wonders why Micheál hasn't come tonight, and Pádraig explains.*

CÁIT Ní fheicim Micheál anseo anocht.  
 PÁDRAIG Bhí mé ag caint leis inniu. Ní féidir leis teacht.  
 CÁIT Cén fáth?  
 PÁDRAIG Tá cara éigin leis ag teacht go dtí an teach anocht.  
 CÁIT Cén duine, an bhfuil a fhios agat?  
 PÁDRAIG Seanchara éigin, ní fhaca sé le fada é.  
 CÁIT Tuigim; is trua sin.  
 CÁIT I don't see Micheál here tonight.  
 PÁDRAIG I was speaking to him today. He can't come.  
 CÁIT Why?  
 PÁDRAIG Some friend of his is coming to the house tonight.  
 CÁIT Who, do you know?  
 PÁDRAIG Some old friend, he didn't see him for a long time.  
 CÁIT I understand; that's a pity.



an féidir leat? *can you?*  
 nach féidir leat? *can't you?*

é a rá *to say it*      é a fheiceáil *to see it*  
 é a dhéanamh *to do it*      é a ithe *to eat it*  
 é a fháil *to get it*      é a ól *to drink it*



Nach féidir leat é a rá?



Nach féidir leat é a dhéanamh?



Nach féidir leat é a fháil?



Nach féidir leat é a fheiceáil?



Nach féidir leat é a ithe?



Nach féidir leat é a ól?

Ní féidir liom an páipéar a fháil. *I can't get (find) the paper.*  
 Is féidir leat an tae a dhéanamh. *You can make the tea.*  
 Ní féidir liom mo hata a fháil. *I can't get my hat.*  
 Nach féidir leat bainne a ól? *Can't you drink milk?*  
 An féidir leat aon duine a fheiceáil? *Can you see anyone?*  
 Is féidir leat an t-arán sin a ithe. *You can eat that bread.*

uair *time, hour*  
 cén uair? *when? what time?*

uair amháin *once, one time*      le bliain *for a year past*  
 mórán *much*      ar ndóigh *of course*  
 cén chaoi? *how?*      a Shéamais *(said when addressing) Séamas*



### OUT AGAIN

*Pádraig hasn't seen Séamas, who has been ill, for a long time.*

PÁDRAIG Maise, a Shéamais, níl a fhios agam cén uair a chonaic mé thú!  
 SÉAMAS Ní raibh mé amuigh mórán le bliain anois.  
 PÁDRAIG Ní raibh tú go maith, ar ndóigh. Cén chaoi a bhfuil tú anois?  
 SÉAMAS Tá mé go maith anois, buíochas le Dia.  
 PÁDRAIG Chonaic mé ar an Aifreann thú uair amháin, ach ní raibh mé ag caint leat.  
 SÉAMAS Is ea, is féidir liom dul ar an Aifreann anois.  
 PÁDRAIG Is maith sin.  
 PÁDRAIG *Indeed, Séamas, I don't know when I saw you last!*  
 SÉAMAS *I wasn't out much for the past year.*  
 PÁDRAIG *You weren't well, of course. How are you now?*  
 SÉAMAS *I'm well now, thank God.*  
 PÁDRAIG *I saw you at Mass once, but I wasn't talking to you.*  
 SÉAMAS *Yes, I'm able to go to Mass now.*  
 PÁDRAIG *That's good.*

faoi *under*  
faoin *under the*

an liathróid *the ball*

an leanbh *the child*

faoin gcathaoir *under the chair*

faoin stól *under the stool*

faoin drisiúr *under the dresser*

faoin gcófra *under the press*


faoin mbord *under the table*

faoin staighre *under the stairs*

d'fhág sé *he left*



D'fhág an leanbh an liathróid faoin gcathaoir.



D'fhág an leanbh an liathróid faoin drisiúr.



D'fhág an leanbh an liathróid faoin mbord.



D'fhág an leanbh an liathróid faoin stól.



D'fhág an leanbh an liathróid faoin gcófra.



D'fhág an leanbh an liathróid faoin staighre.

Nach bhfuil an cat bán faoin mbord?

*Isn't the white cat under the table?*

Ar fhág tú na bróga faoin gcathaoir?

*Did you leave the boots under the chair?*

Chuir sé an litir isteach faoin doras.

*He put the letter in under the door.*

An ndeachaigh an madra isteach faoin staighre?

*Did the dog go in under the stairs?*


Bhí trí phingin faoin mbord sa halla.

*There were three pennies under the table in the hall.*

thall *yonder, over there*

cúpla nóiméad ó shin  
*a couple of minutes ago*

in aon áit *in any place*



## THAT PIPE AGAIN

*Pádraig has mislaid his pipe again and Nóra comes to the rescue.*

PÁDRAIG Ní féidir liom mo phíopa a fháil in aon áit. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil sé?

NÓRA Chonaic mise cúpla nóiméad ó shin é.

PÁDRAIG Cá bhfaca tú é?

NÓRA Bhí sé ansin ar an mbord faoin bpáipéar.

PÁDRAIG Níl sé faoin bpáipéar anois.

NÓRA Féach, tá sé thall ar an stól faoin gcaipín.

PÁDRAIG *I can't find my pipe anywhere. Do you know where it is?*

NÓRA *I saw it a few minutes ago.*

PÁDRAIG *Where did you see it?*

NÓRA *It was there on the table under the paper.*

PÁDRAIG *It's not under the paper now.*

NÓRA *Look, it's over on the stool under the cap.*

de off, "off him"

bhain sé de he took off  
chaith sé de he threw off

a bhróga his shoes  
a stocaí his socks  
a hata his hat

a chasóg his jacket  
a chóta mór his overcoat  
a scairf his scarf

ar bhain N? did N take?  
nár bhain N? didn't N take?  
níor bhain N N didn't take

ar chaith N? did N throw?  
nár chaith N? didn't N throw?  
níor chaith N N didn't throw



Bhain sé de a bhróga.



Bhain sé de a stocaí.



Bhain sé de a hata.



Bhain sé de a chóta mór.



Bhain sé de a chasóg.



Bhain sé de a scairf.

Nár bhain an fear de a hata?  
Chaith Seán de a chaipín  
ansin.

Níor bhain aon duine de a  
chóta mór.

Bhain gach duine de a hata.  
Chaith an sagart de a chóta  
mór agus a scairf.

Bhain sé de bróg amháin agus  
chuir sé air ceann eile.

Didn't the man take off his hat?  
Seán threw off his cap then.

No one took off his overcoat.


Everyone took off his hat.  
The priest threw off his overcoat  
and scarf.

He took off one shoe and put on  
another one.

is maith sin that's good  
díot "off you"

báite drowned  
bain díot take off  
iad them  
orm on me

céard faoi? what about?  
do chasóg your jacket  
suigh sit  
chun na tine up to the fire



## WET CLOTHING

Pádraig arrives home from work on a wet evening and Nóra fusses  
about his wet clothes.

NÓRA Fáilte romhat, a Phádraig. Tá tú fliuch báite.  
PÁDRAIG Tá. Tá na bróga seo fliuch, cibé ar bith.  
NÓRA Bain díot iad. Agus bain díot do stocaí freisin.  
PÁDRAIG Ara, tá na stocaí ceart go leor.  
NÓRA Céard faoi do chasóg?  
PÁDRAIG Tá sí sin tirim. Bhí cóta mór orm.  
NÓRA Is maith sin. Suigh chun na tine anois.

NÓRA Welcome, Pádraig. You're drowned wet.  
PÁDRAIG I am. These boots are wet anyway.  
NÓRA Take them off you. And take off your socks also.  
PÁDRAIG Arrah, the socks are all right.  
NÓRA What about your jacket?  
PÁDRAIG That's dry. I had an overcoat on.  
NÓRA That's good. Sit up to the fire now.



CEACHT 40

|                        |                  |                            |
|------------------------|------------------|----------------------------|
|                        | do               | to                         |
|                        | don              | to the                     |
| do Sheán               | to Seán          | don bhuachaill to the boy  |
| don fhear              | to the man       | dó to him                  |
| thug sé punt don fhear |                  | he gave the man a pound    |
| seacht bpunt déag      | seventeen pounds | fiche punt twenty pounds   |
| ocht bpunt déag        | eighteen pounds  | tríocha punt thirty pounds |
| naoi bpunt déag        | nineteen pounds  | daichead punt forty pounds |



Thug sé seacht bpunt déag dó.



Thug sé naoi bpunt déag dó.



Thug sé tríocha punt dó.

Thug mé fiche punt don siopa-dóir.

Thug mé ocht bpunt déag ar an rothar.

Cá mhéad a thug tú dó?

Cá mhéad a thug tú air?

Níor thug mé ach tríocha scilling don sagart.

Nár thug tú an t-airgead sin don mhúinteoir riamh?



Thug sé ocht bpunt déag dó.



Thug sé fiche punt dó.



Thug sé daichead punt dó.

I gave the shopkeeper £20.

I gave £18 for the bicycle.

How much did you give him?

How much did you pay for it?

I gave the priest only 30/-.

Didn't you ever give the teacher that money?

seisean he (emphatic)

|                    |               |                           |                          |
|--------------------|---------------|---------------------------|--------------------------|
| scútar             | a scooter     | cara liom                 | a friend of mine         |
| cheannaigh mé daor | I bought dear | seachtain cúpla seachtain | a week a couple of weeks |
| saor               | cheap         | lánsásta                  | well satisfied           |



A NEW SCOOTER

Séamas talks to Pádraig about his newly acquired scooter.

SÉAMAS Feicim go bhfuil scútar agat anois, a Phádraig.

PÁDRAIG Tá, cheannaigh mé é cúpla seachtain ó shin.

SÉAMAS Ceann nua, an ea?

PÁDRAIG Ní hea, bhí sé ag cara liom, agus cheannaigh seisean ceann nua.

SÉAMAS Ar thug tú mórán air?

PÁDRAIG Níor thug mé ach £18 do mo chara, agus bhí sé lánsásta. Ní raibh sé daor.

SÉAMAS Bhí sé sin saor go leor.

SÉAMAS I see you have a scooter now, Pádraig.

PÁDRAIG Yes, I bought it a couple of weeks ago.

SÉAMAS A new one, is it?

PÁDRAIG No, a friend of mine had it, and he bought a new one.

SÉAMAS Did you pay much for it?

PÁDRAIG I gave my friend only £18, and he was well satisfied. It wasn't dear.

SÉAMAS That was cheap enough.

|                    |                      |
|--------------------|----------------------|
| bhí X ag Seán      | <i>Seán had X</i>    |
| bhí X ag an bhfear | <i>the man had X</i> |
| bhí X aige         | <i>he had X</i>      |
| bhí X acu          | <i>they had X</i>    |
| an raibh X agat?   | <i>had you X?</i>    |

deartháir *a brother*  
deirfiúr *a sister*  
uncail *an uncle*

aintín *an aunt*  
mac *a son*  
iníon *a daughter*



Bhí deartháir aige.



Bhí deirfiúr aige.



Bhí uncail aige.



Bhí aintín aige.



Bhí mac aige.



Bhí iníon aige.

Nach bhfuil aon deartháir agat?

*Haven't you a brother?*

Ní raibh mac aige.

*He had no son.*

Tá deirfiúr amháin aige, cibé ar bith.

*He has one sister, anyway.*

An bhfuil deartháir ag Tomás?

*Has Tomás a brother?*

Nach bhfuil mac ag do dheartháir anois?

*Hasn't your brother a son now?*

Bhí iníon acu.

*They had a daughter.*

riamh *ever, never*

is dóigh liom *I think*  
cé hé? *who is?*  
níl aithne agam air *I don't know him*  
laethanta saoire *holidays*

nach é? *isn't it he?*  
uair éigin eile *some other time*  
cad as dó? *where is he from?*



## A VISITOR

*Pádraig wonders who the strange man is who came in with Mícheál.*

PÁDRAIG Cé hé an duine sin thall le Mícheál?

CÁIT A uncail, is dóigh liom, nach é?

PÁDRAIG Níl a fhios agam, níl aithne agam air.

CÁIT Sin é go deimhin. Chonaic mé anseo uair éigin eile é.

PÁDRAIG Ní fhaca mise riamh é. Cad as dó?

CÁIT Baile Átha Cliath, sílim. Tá sé ar a laethanta saoire is dócha.

PÁDRAIG Ó, tuigim.

PÁDRAIG Who's that fellow yonder with Mícheál?

CÁIT His uncle, I think, isn't it.

PÁDRAIG I don't know. I don't know him.

CÁIT That's he, indeed. I saw him here some other time.

PÁDRAIG I never saw him before. Where's he from?

CÁIT Dublin, I think. He's on holidays, probably.

PÁDRAIG Oh, I understand.

bheith to be  
 ar mhaith leat? *would you like?*  
 ba mhaith liom *I would like*  
 níor mhaith liom *I wouldn't like*

bheith i mo, do *to be a*  
 dhochtúir *doctor*  
 bheith i mo, do *to be a*  
 bhanaltra *nurse*  
 bheith i m', d' *to be a*  
 fhiacloir *dentist*



Ba mhaith liom a bheith i mo dhochtúir.



Ba mhaith liom a bheith i mo bhanaltra.



Ba mhaith liom a bheith i m'fhiacloir.

bheith i mo, do *to be a*  
 shiopadóir *shopkeeper*  
 bheith i mo, do *to be a*  
 mhúinteoir *teacher*  
 bheith i m', d' *to be a*  
 fheirmeoir *farmer*



Ba mhaith liom a bheith i mo mhúinteoir.



Ba mhaith liom a bheith i mo shiopadóir.



Ba mhaith liom a bheith i m'fheirmeoir.


Ar mhaith leat a bheith i d'fhear mór? *Would you like to be a big man?*  
 Níor mhaith liom a bheith i mo shiopadóir. *I wouldn't like to be a shopkeeper.*  
 Ba mhaith leat a bheith i d'fhiacloir! *You'd like to be a dentist!*  
 Ba mhaith liom a bheith ag na pictiúir. *I would like to be at the pictures.*  
 Níor mhaith liom a bheith ansin anois. *I shouldn't like to be there now.*  
 Ar mhaith leat a bheith amuigh ansin? *Would you like to be out there?*

b'fhéidir *perhaps*

anocht *tonight*  
 dul ann *to go there*  
 obair *work*

pictiúr *a picture*  
 na pictiúir *the pictures*  
 ar siúl *going on, in progress*  
 caithfidh mé *I must*  
 oíche eile *another night*

mar *because*  
 oíche *night*



### THE PICTURES

*Cáit tells Nóra how much she would like to go to the pictures tonight, but cannot, because she has work to do.*

CÁIT Ba mhaith liom a bheith ag na pictiúir anocht.  
 NÓRA Cén fáth?  
 CÁIT Mar tá pictiúr an-mhaith ar siúl.  
 NÓRA Agus nach féidir leat dul ann?  
 CÁIT Ní féidir liom. Caithfidh mé obair a dhéanamh.  
 NÓRA Oíche eile, b'fhéidir?  
 CÁIT B'fhéidir, má tá an t-am agam.

CÁIT *I'd like to be at the pictures tonight.*  
 NÓRA *Why?*  
 CÁIT *Because there's a very good picture on.*  
 NÓRA *Well, can't you go to it?*  
 CÁIT *I can't. I must do some work.*  
 NÓRA *Some other night, perhaps?*  
 CÁIT *Perhaps, if I have time.*



CEACHT 43

|             |     |                       |             |                              |
|-------------|-----|-----------------------|-------------|------------------------------|
|             | mór | big                   | beag        | small                        |
| an pláta    | mór | <i>the big plate</i>  | an pláta    | beag <i>the small plate</i>  |
| an taephota | mór | <i>the big teapot</i> | an taephota | beag <i>the small teapot</i> |
| an crúiscín | mór | <i>the big jug</i>    | an crúiscín | beag <i>the small jug</i>    |

píosa a piece

|                    |                        |
|--------------------|------------------------|
| (ná) tabhair dom   | <i>(don't) give me</i> |
| (ná) taispeáin dom | <i>(don't) show me</i> |
| (ná) faigh dom     | <i>(don't) get me</i>  |



Tabhair dom an pláta mór.



Tabhair dom an pláta beag.



Tabhair dom an taephota mór.



Tabhair dom an taephota beag.



Tabhair dom an crúiscín mór.



Tabhair dom an crúiscín beag.

Ná tabhair dom an píosa mór.  
Taispeáin dom an ceann beag.  
Tabhair dom an rud beag sin  
thall.  
Faigh dom an gúna beag sin.  
Ná faigh bosca mór anois.  
Ba mhaith liom an t-úll mór  
sin.

*Don't give me the big piece.  
Show me the small one.  
Give me that little thing over  
there.  
Get that small frock for me.  
Don't get a big box now.  
I would like that big apple.*

is maith liom I like

|                 |                        |             |                         |
|-----------------|------------------------|-------------|-------------------------|
| an maith leat?  | <i>do you like?</i>    | cáca        | <i>a cake</i>           |
| ar mhaith leat? | <i>would you like?</i> | chomh maith | <i>as good, as well</i> |
| a bheith agat   | <i>you to have</i>     | rómhaith    | <i>too good</i>         |




AFTERNOON TEA

*Cáit has called to see Nóra and they have tea together.*

|      |  |
|------|--|
| NÓRA | Ar mhaith leat cuid den cháca seo, a Cháit?                |
| CÁIT | Sea, tabhair dom píosa beag, más é do thoil é.             |
| NÓRA | Tá sé chomh maith agat píosa mór a bheith agat. Seo duit.  |
| CÁIT | Go raibh maith agat. An ndearna tú féin é?                 |
| NÓRA | Rinne. An maith leat é?                                    |
| CÁIT | Is maith liom go deimhin. Tá sé an-deas.                   |
| NÓRA | Maise, níl a fhios agam. Níl sé rómhaith ar chor ar bith.  |
| NÓRA | <i>Would you like some of this cake, Cáit?</i>             |
| CÁIT | <i>Well, give me a small piece, please.</i>                |
| NÓRA | <i>You might as well have a large piece. Here you are.</i> |
| CÁIT | <i>Thanks. Did you make it yourself?</i>                   |
| NÓRA | <i>I did. Do you like it?</i>                              |
| CÁIT | <i>I do indeed. It's very nice.</i>                        |
| NÓRA | <i>Well, I don't know. It's not too good at all.</i>       |

CEACHT 44

|                       |                 |                    |              |  |
|-----------------------|-----------------|--------------------|--------------|--|
|                       | go dtí          | to                 |              |  |
| go dtí an scoil       | to the          | go dtí an teach    | to the house |  |
|                       | school          |                    |              |  |
| go dtí an séipéal     | to the          | go dtí an stáisiún | to the       |  |
|                       | chapel          |                    | station      |  |
| go dtí an baile mór   | to the          | go dtí an siopa    | to the shop  |  |
|                       | town            |                    |              |  |
| ar scoil              | to school       | ar Aifreann        | to Mass      |  |
| an ndeachaigh siad?   | did they go?    |                    |              |  |
| nach ndeachaigh siad? | didn't they go? |                    |              |  |
| chuaigh siad          | they went       |                    |              |  |
| ní dheachaigh siad    | they didn't go  |                    |              |  |




Nach ndeachaigh siad go dtí an scoil? Chuaigh..

Nach ndeachaigh siad go dtí an séipéal? Chuaigh.



Nach ndeachaigh siad go dtí an baile mór? Chuaigh.

Nach ndeachaigh siad go dtí an teach? Chuaigh.



Nach ndeachaigh siad go dtí an stáisiún? Chuaigh.

Nach ndeachaigh siad go dtí an siopa? Chuaigh.

Chuaigh na leanaí go dtí an séipéal.

The children went to the chapel.

An ndeachaigh aon duine go dtí an siopa?

Did anyone go to the shop?

Ní dheachaigh an garda go dtí an teach.


The guard did not go to the house.

Tá siad ag dul ar scoil anois. Chonaic mé ag dul ar Aifreann iad.

They are going to school now. I saw them going to Mass.

tuigim I understand

|               |          |           |               |
|---------------|----------|-----------|---------------|
| bosca         | a box    | bosca mór | a large box   |
| anois díreach | just now | mar sin   | so, therefore |



GOING TO THE STATION

*Pádraig is about to go to the station for a large parcel, and invites Seán to go with him.*

PÁDRAIG Ar mhaith leat teacht go dtí an baile mór, a Sheáin?

SEÁN Ba mhaith go deimhin. Cén uair?

PÁDRAIG Anois díreach. Tá mé ag dul go dtí an stáisiún.

SEÁN Cé atá ag teacht ar an traein?

PÁDRAIG Níl aon duine ag teacht.

SEÁN Cén fáth a bhfuil tú ag dul ann mar sin?

PÁDRAIG Tá bosca mór ann dom, agus ba mhaith liom é a fháil.

SEÁN Ó, tuigim. Ba mhaith liom dul leat.

PÁDRAIG Would you like to come to the town, Seán?

SEÁN I would indeed. When?

PÁDRAIG Just now. I'm going to the station?

SEÁN Who's coming on the train?

PÁDRAIG No one's coming.

SEÁN Why are you going there so?

PÁDRAIG There's a big box there for me, and I'd like to get it.

SEÁN Oh, I understand. I would like to go with you.

|                |               |              |                   |
|----------------|---------------|--------------|-------------------|
|                | bliain        | a year       |                   |
|                | aois          | age          |                   |
|                | d'aois        | of age, old  |                   |
| caoga bliain   | fifty years   | ochtó bliain | eighty years      |
| seasca bliain  | sixty years   | nócha bliain | ninety years      |
| seachtó bliain | seventy years | céad bliain  | one hundred years |

bliain is caoga      fifty-one years  
 dhá bhliain is caoga      fifty-two years  
 trí bliana is caoga      fifty-three years  
 ceithre bliana is caoga      fifty-four years  
    etc.



Tá sí cúig bliana is caoga d'aois. Tá sí cúig bliana is seasca d'aois.



Tá sí cúig bliana is seachtó d'aois.



Tá sí cúig bliana is ochtó d'aois.




Tá sí cúig bliana is nócha d'aois.



Tá sí céad is a cúig bliana d'aois.

Bhí sé trí bliana is fiche anuraidh.      He was twenty-three last year.  
 Níl sí ach seacht mbliana is fiche anois.      She is only twenty-seven now.  
 Thug sé ocht bpunt is daichead air.      He paid £48 for it.  
 Cheannaigh mé ar naoi bpunt is tríocha é.      I bought it for £39.  
 Ar mhaith leatsa ceithre phunt is seasca a thabhairt air?      Would you like to give £64 for it?

|               |             |                             |                    |
|---------------|-------------|-----------------------------|--------------------|
| mar í sin     | like her    | chomh sean sin              | as old as that     |
| má tá sí      | if she is   | shíl mé                     | I thought          |
| ach tríocha   | only thirty | is fada ó                   | it's long since    |
| an mar sin é? | is that so? | ní raibh a chuma sin uirthi | she didn't look it |



## GOSSIP

Cáit and Nóra talk about Úna Mháire, who was at the dance last night.

CÁIT Chonaic mé Úna Mháire ag an damhsa aréir.  
 NÓRA Úna Mháire! Seanrud mar í sin amuigh ag damhsa!  
 CÁIT Níl sí chomh sean sin, an bhfuil?  
 NÓRA Tá, go deimhin! Tá sí cúig bliana is daichead má tá sí bliain.  
 CÁIT Cúig bliana is daichead! Shíl mé nach raibh sí ach tríocha.  
 NÓRA Is fada ó bhí sí tríocha, maise.  
 CÁIT An mar sin é? Ní raibh a chuma sin uirthi aréir.  
 CÁIT I saw Úna Mháire at the dance last night.  
 NÓRA Úna Mháire! An old thing like her out dancing!  
 CÁIT She's not that old, is she?  
 NÓRA She is indeed. She's forty-five if she's a year.  
 CÁIT Forty-five! I thought she was only thirty.  
 NÓRA It's a long time since she saw thirty, indeed.  
 CÁIT Is that so? She didn't look like that last night.



caithfidh mé  
caithfidh tú  
caithfidh sé, sí, an fear  
caithfidh siad


léamh to read



Caithfidh tú é a dhéanamh  
anois.



Caithfidh tú é a ithe anois.



Caithfidh tú é a léamh anois.

Caithfidh siad an t-airgead a  
fháil.

An gcaithfidh mé a bheith  
ann?

Ní chaithfidh tusa teacht go  
dtí an scoil.

Caithfidh mé dul go dtí an  
stáisiún.

Nach gcaithfidh Seán teacht  
liom, a mhamáí?

Caithfidh sé a chóta a chur air.

*I must, I will have to  
you must  
he, she, the man must  
they must*

scríobh to write



Caithfidh tú é a fháil anois.



Caithfidh tú é a ól anois.



Caithfidh tú é a scríobh anois.

*They will have to get the money.*

*Will I have to be there?*

*You won't have to come to the  
school.*


*I must go to the station.*

*Won't Seán have to come with  
me, Mammy?*

*He must put on his coat.*

anuraidh last year

|  |                            |               |         |
|--|----------------------------|---------------|---------|
| le dhá bhliain                         | for two years<br>past      | chuaigh thart | went by |
| dhá bhliain is<br>an tseachtain<br>seo | two years ago<br>this week | go tapa       | quickly |
|  |                            | go luath      | soon    |
|  |                            | a cheannach   | to buy  |



### WANTED: A NEW COAT

*Nóra begins the process of persuading her husband that she must soon  
buy a new coat.*

NÓRA Caithfidh mé cóta nua a fháil.  
PÁDRAIG Cóta nua! Tá an ceann sin go han-mhaith.  
NÓRA Níl, maise. Tá sé agam le dhá bhliain anois.  
PÁDRAIG Dhá bhliain! Anuraidh a cheannaigh tú é, nach ea?  
NÓRA Ní hea; dhá bhliain is an tseachtain seo.  
PÁDRAIG Chuaigh an dá bhliain sin thart go tapa!  
NÓRA Nach ndeachaigh anois? Caithfidh mé ceann nua a  
fháil go luath.

NÓRA *I must get a new coat.*  
PÁDRAIG *A new coat! That one's very good.*  
NÓRA *Indeed it isn't. I have it two years now.*  
PÁDRAIG *Two years! Last year you bought it, wasn't it?*  
NÓRA *No; two years ago this week.*  
PÁDRAIG *That two years went by very quickly.*  
NÓRA *Didn't it now? I must get a new one soon.*

CEACHT 47


an t-earrach *the spring*  
an samhradh *the summer*

an coirce *the oats*  
na prátaí *the potatoes*


curtha *sown, put*  
bainte *reaped, cut*  
déanta *done, made*



Tá an t-earrach ann anois.  
Tá na prátaí curtha.



Tá an t-earrach ann anois.  
Tá an chruithneacht curtha.



Tá an t-earrach ann anois.  
Tá an coirce curtha.

Tá an samhradh imithe anois.  
Níl an geimhreadh caite fós.  
An bhfuil an carr briste ort?  
Nach bhfuil tú imithe abhaile?  
Níl an cáca déanta fós.  
Tá an obair go léir déanta  
agam.

an fómhar *the autumn*  
an geimhreadh *the winter*

an chruithneacht *the wheat*

caite *spent, wasted, thrown*  
imithe *gone away*  
briste *broken*



Tá an fómhar ann anois.  
Tá na prátaí bainte.



Tá an fómhar ann anois.  
Tá an chruithneacht bainte.



Tá an fómhar ann anois.  
Tá an coirce bainte.


*Summer is gone now.*  
*Winter isn't gone yet.*  
*Is the car broken on you?*  
*Aren't you gone home?*  
*The cake isn't made yet.*  
*I have all the work done.*

cosúil le *similar to, like*

aimsir shamhraidh *summer weather* cuid mhór *a large share, a good deal*

an obair *the work* an talamh *the ground*  
rófhliuch *too wet* tirim go maith *well dry*

tá sé déanta agat *you have it done*  
níl siad bainte ag aon duine *no one has them dug*



GARDENING

*Pádraig and Séamas talk about the weather and the progress of their gardening.*

PÁDRAIG Dia duit, a Shéamais. Tá an aimsir go maith anois.

SÉAMAS Tá sé go hálainn; tá sé cosúil le haimsir shamhraidh.

PÁDRAIG Is dócha go bhfuil an obair go léir déanta agat?

SÉAMAS Tá cuid mhór déanta. Ach níl na prátaí go léir bainte agam.

PÁDRAIG Níl siad bainte ag aon duine fós. Bhí an talamh rófhliuch.

SÉAMAS Bhí, ach tá sé tirim go maith anois.

PÁDRAIG Tá, buíochas le Dia.

PÁDRAIG *Good day, Séamas. The weather's good now.*

SÉAMAS *It's beautiful, it's like the summer.*

PÁDRAIG *I suppose you have all the work done?*

SÉAMAS *I have a lot done. But I haven't all the potatoes dug yet.*

PÁDRAIG *No one has them dug yet. The ground was too wet.*

SÉAMAS *It was, but it's good and dry now.*

PÁDRAIG *It is, thank God.*

CEACHT 48

|                |                      |                     |                           |
|----------------|----------------------|---------------------|---------------------------|
|                | as                   | out of              |                           |
| as an seomra   | out of the room      | as an bpáirc        | out of the park,<br>field |
| as an teach    | out of the<br>house  | as an ospidéal      | out of the<br>hospital    |
| as an ngairdín | out of the<br>garden | as an gcathair      | out of the city           |
| téigh          | go                   | an ndeachaigh sé?   | did he go?                |
| tá sé ag dul   | he is going          | nach ndeachaigh sé? | did he not<br>go?         |
| chuaigh sé     | he went              | ní dheachaigh sé    | he didn't<br>go           |



Chuaigh sé amach as an seomra.



Chuaigh sé amach as an ngairdín.



Chuaigh sé amach as an ospidéal.



Chuaigh sé amach as an teach.



Chuaigh sé amach as an bpáirc.



Chuaigh sé amach as an gcathair.

Nach ndeachaigh sé abhaile ón ospidéal fós?

Ní dheachaigh aon duine amach as an seomra seo.

Téigh amach as an áit seo. An ndeachaigh aon duine isteach sa traein?

Rith an capall as an bpáirc cúpla nóiméad ó shin.

Didn't he go home from hospital yet?

No one left this room.


Leave this place.

Did anyone get into the train?

The horse ran out of the field a few minutes ago.

céard? what?

|                           |                     |                |               |
|---------------------------|---------------------|----------------|---------------|
| an fhuinneog              | the window          | gloine         | glass         |
| cén obair?                | what work?          | gloine bhriste | broken glass  |
| céard tá á dhéanamh agat? | what are you doing? | as mo bhealach | out of my way |



ODD JOBS

*Pádraig wishes to be left alone to mend the window, but finally allows Seán to help.*

PÁDRAIG Téigh amach as mo bhealach, tá mé ag obair.

SEÁN Céard tá á dhéanamh agat?

PÁDRAIG Tá an fhuinneog seo briste. Caithfidh mé gloine nua a chur inti.

SEÁN An féidir liom fanacht anseo leat, más é do thoil é?

PÁDRAIG Tá go maith. Ach caithfidh tú obair a dhéanamh.

SEÁN Ba mhaith liom sin. Cén obair?

PÁDRAIG Cuir an ghloine bhriste go léir as an áit.

PÁDRAIG Get out of my way, I'm working.

SEÁN What are you doing?

PÁDRAIG This window is broken. I have to put new glass in it.

SEÁN May I stay here with you, please?

PÁDRAIG All right. But you'll have to work.

SEÁN I'd like that. What work?

PÁDRAIG Put away all the broken glass.



CEACHT 49

|                |                      |                     |                  |
|----------------|----------------------|---------------------|------------------|
|                | abair le Seán        | tell Seán           |                  |
|                | abair leis an bhfear | tell the man        |                  |
| d'athair       | your father          | cailín an tsiopa    | the shopgirl     |
| do mháthair    | your mother          | fear an bhainne     | the milkman      |
| fear an tsiopa | the shopkeeper       | fear an phoist      | the postman      |
| abair le       | tell                 | nach ndúirt sé le ? | didn't he tell ? |
| bhí sé á rá le | he was telling       | an ndúirt sé le ?   | did he tell ?    |
|                | it to                | ní dúirt sé le      | he didn't tell   |
| dúirt sé le    | he told              |                     |                  |



Abair le d'athair é a dhéanamh.



Abair le do mháthair é a dhéanamh.



Abair le fear an tsiopa é a dhéanamh.



Abair le cailín an tsiopa é a dhéanamh.



Abair le fear an bhainne é a dhéanamh.



Abair le fear an phoist é a dhéanamh.

Dúirt mé le d'athair teacht isteach.

*I told your father to come in.*

An ndúirt tú le mamaí é a dhéanamh anois ?

*Did you tell mammy to do it now ?*

Ní dúirt aon duine liom gan é a ithe.

*No one told me not to eat it.*

Abair leis na leanaí fanacht amuigh.

*Tell the children to stay out.*

Dúirt daidí liom é a fháil.


*Daddy told me to get it.*

Abair le Máire a ceachtanna a dhéanamh.

*Tell Máire to do her lessons.*

iad them

|                    |                   |                           |                                 |
|--------------------|-------------------|---------------------------|---------------------------------|
| rith amach         | run out           | iad a dhéanamh            | to do them                      |
| céard a rinne sí ? | what did she do ? | go bhfuil                 | that (she) is                   |
|                    |                   | is maith an rud go bhfuil | it's a good thing that (she) is |



LESSON TIME

*Nóra asks Seán if he told Máire to come in to do her lessons.*

NÓRA An ndúirt tú le Máire a ceachtanna a dhéanamh ?

SEÁN Dúirt, ach níor tháinig sí isteach fós.

NÓRA Agus céard a rinne sí ?

SEÁN D'imigh sí amach as an ngairdín.

NÓRA Rith amach arís agus abair léi iad a dhéanamh.

SEÁN Ó, tá sí ann anois. Tá sí ag teacht isteach.

NÓRA Is maith an rud go bhfuil.

NÓRA *Did you tell Máire to do her lessons.*

SEÁN *I did, but she didn't come in yet.*

NÓRA *And what did she do ?*

SEÁN *She went off out of the garden.*

NÓRA *Run out again and tell her to do them.*

SEÁN *Oh, she's there now. She's coming in.*

NÓRA *It's well that she is.*

CEACHT 50

|         |                     |                     |                       |
|---------|---------------------|---------------------|-----------------------|
|         |                     | briste              | broken                |
|         |                     | go bhfuil sé briste | that it's broken      |
| feicim  | <i>I see</i>        | an bhfeiceann tú    | <i>do you see?</i>    |
| sílím   | <i>I think</i>      | nach bhfeiceann tú  | <i>don't you see?</i> |
| creidim | <i>I believe</i>    | ní fheicim          | <i>I don't see</i>    |
| tuigim  | <i>I understand</i> |                     |                       |

briste broken  
déanta made, done  
imithe gone



Feicim go bhfuil sé briste.



Feicim go bhfuil sé imithe.



Feicim go bhfuil sé ite.

|  |   |
|--|---|
| Sílím go bhfuil na leanaí imithe anois.          | <i>I think the children are gone now.</i> |
| Creidim go bhfuil gach rud ite.                  | <i>I believe everything is eaten.</i>     |
| Tuigim go bhfuil an ceann sin caite.             | <i>I understand that one is spent.</i>    |
| Ní chreidim go bhfuil siad déanta.               | <i>I don't believe they are done.</i>     |
| An gcreideann tú go bhfuil siad go léir imithe?  | <i>Do you believe they are all gone?</i>  |
| Nach bhfeiceann tú go bhfuil sé sin déanta agam. | <i>Don't you see I have that done.</i>    |

caite spent, wasted  
ite eaten  
ólta drunk



Feicim go bhfuil sé déanta.




Feicim go bhfuil sé caite.



Feicim go bhfuil sé ólta.

tart  
tá tart orm  
thirst  
*I'm thirsty*

|                   |                             |           |                   |
|-------------------|-----------------------------|-----------|-------------------|
| cúpla             | <i>a couple</i>             | áit éigin | <i>some place</i> |
| cúpla buidéal     | <i>a couple of bottles</i>  | má        | <i>if</i>         |
| cúpla ceann leann | <i>a couple of them ale</i> | é a fháil | <i>to get it</i>  |
|                   |                             | ná habair | <i>don't say</i>  |
|                   |                             | aon leann | <i>any ale</i>    |



THIRSTY

*Pádraig has been working in the garden and, as the day is warm, he would like a bottle of ale.*

|         |  |
|---------|--|
| PÁDRAIG | Tá tart orm; an bhfuil aon leann sa teach?                                       |
| NÓRA    | Bhí cúpla buidéal ann, ach sílim go bhfuil siad ólta anois.                      |
| PÁDRAIG | Seo cúig scilling, abair le Seán cúpla ceann a fháil.                            |
| NÓRA    | Creidim go bhfuil Seán imithe áit éigin.   |
| PÁDRAIG | Dona go leor. An féidir le Máire é a dhéanamh?                                   |
| NÓRA    | Caithfidh sí, má tá sí ann.  |
| PÁDRAIG | Ná habair go bhfuil sise imithe freisin.   |
| PÁDRAIG | <i>I'm thirsty. Is there any ale in the house?</i>                               |
| NÓRA    | <i>There were a couple of bottles there, but I think they've been drunk now.</i> |
| PÁDRAIG | <i>Here are five shillings, tell Seán to get a couple.</i>                       |
| NÓRA    | <i>I believe Seán is gone some place.</i>  |
| PÁDRAIG | <i>Bad enough. Can Máire do it?</i>  |
| NÓRA    | <i>She'll have to, if she's there.</i>   |
| PÁDRAIG | <i>Don't say she's gone also.</i>  |

CEAcht 51


níl sé ag teacht *he isn't coming*  
 sílim nach bhfuil sé ag teacht *I think he's not coming*

cloisim *I hear*

deirim *I say*

ag teacht *coming*  
 ag imeacht *going off*  
 ag fanacht *staying*

ag éisteacht *listening*  
 ag obair *working*  
 ag féachaint *looking*



Sílim nach bhfuil sé ag teacht.



Sílim nach bhfuil sé ag imeacht.



Sílim nach bhfuil sé ag fanacht.



Sílim nach bhfuil sé ag éisteacht.



Sílim nach bhfuil sé ag obair.



Sílim nach bhfuil sé ag féachaint.

Cloisim nach bhfuil an duine sin ag teacht. *I hear that person's not coming.*

Deirim nach bhfuil tú ag éisteacht. *I say you are not listening.*

Cloisim nach bhfuil d'athair ag obair ar chor ar bith. *I hear your father isn't working at all.*


Sílim nach bhfuil fear an phoist imithe fós. *I think the postman isn't gone yet.*

Creidim nach bhfuil aon duine eile ag fanacht. *I believe no one else is waiting.*

Nach gcreideann tú go bhfuil an garda ag teacht? *Don't you believe the guard is coming?*

luí *lying (down)*

le fada an lá *for a long time* na laethanta seo *these days*  
 slaghdán *a cold* ina luí *lying down,*  
 is dócha *I suppose* is maith an áit *in bed*  
*it is a good place*



A COLD

*Pádraig wonders where Peadar is as he hasn't seen him lately ;  
 Nóra has heard he's been in bed with a cold.*

PÁDRAIG Ní fhaca mé Peadar le fada an lá.

NÓRA Bhí slaghdán air seachtain ó shin agus bhí sé ina luí.

PÁDRAIG Cloisim nach bhfuil sé ag obair na laethanta seo.

NÓRA Níl an slaghdán imithe fós, is dócha.

PÁDRAIG An raibh sé chomh dona sin?

NÓRA Ní raibh, ach is maith leis a bheith sa leaba.

PÁDRAIG Sílim go bhfuil an ceart aige. Is maith an áit é.

PÁDRAIG *I didn't see Peadar for many a long day.*

NÓRA *He had a cold a week ago and he was in bed.*

PÁDRAIG *I hear he's not working these days.*

NÓRA *The cold isn't gone yet, I suppose.*

PÁDRAIG *Was he as bad as that?*

NÓRA *He wasn't, but he likes being in bed.*

PÁDRAIG *I think he's right. It's a good place.*



CEACHT 52

tá a fhios agam *I know*  
 is dóigh liom *I suppose*  
 ní dóigh liom *I don't suppose*  
 b'fhéidir *perhaps*

go bhfuil N *that N is*      go raibh N *that N was*  
 nach bhfuil N *that N is not*      nach raibh N *that N was not*



B'fhéidir go raibh siad anseo.



B'fhéidir go raibh siad ansin.



B'fhéidir go raibh siad istigh.



B'fhéidir go raibh siad amuigh.



B'fhéidir go raibh siad thuas.



B'fhéidir go raibh siad thíos.

Tá a fhios agam go raibh ceann anseo. *I know there was one here.*  
 Tá a fhios agam nach bhfuil aon duine ann. *I know there's no one there.*  
 Is dóigh liom go bhfuil na leanaí ag teacht. *I suppose the children are coming.*  
 Ní dóigh liom go raibh daidí istigh. *I don't suppose daddy was in.*  
 B'fhéidir go raibh siad ag fanacht. *Perhaps they were waiting.*  
 B'fhéidir nach bhfuil sé imithe fós. *Perhaps he's not gone yet.*

bhí sí le dul *she was to go*

aréir *last night*      as baile *away from home*  
 teach a haintín *her aunt's*      damhsa *a dance*  
 go *to*      house      cén áit? *where?*  
 an ndéir tú liom é? *do you tell me?*      lá de na laethanta seo *one of these days*



GONE AWAY

Nóra wonders why Bríd was not at the dance last night, but Cáit thinks she has gone to visit her aunt.

CÁIT Ní fhaca mé Bríd ag an damhsa aréir.  
 NÓRA Nach raibh sí ann? B'fhéidir go bhfuil sí tinn.  
 CÁIT Ní dóigh liom go bhfuil; sílim go bhfuil sí imithe as baile.  
 NÓRA Cén áit, maise?  
 CÁIT Go Baile Átha Cliath, go teach a haintín.  
 NÓRA An ndéir tú liom é?  
 CÁIT Is ea, bhí sí le dul ansin lá de na laethanta seo.  
 CÁIT I didn't see Bríd at the dance last night.  
 NÓRA Wasn't she there? Perhaps she's ill.  
 CÁIT I don't think she is; I think she's gone away from home.  
 NÓRA Where, now?  
 CÁIT To Dublin, to her aunt's house.  
 NÓRA Do you tell me so?  
 CÁIT Yes, she was to go there one of these days.

CEACHT 53

arán *bread*  
cáca milis *a sweet cake*  
subh *jam*

déan *make, do*  
ná déan *don't make, do*  
rinne sé *he made, did*

go minic *often*



Nach ndearna tú arán riamh?  
Rinne, go minic.



Nach ndearna tú cáca milis  
riamh? Rinne, go minic.



Nach ndearna tú caife riamh?  
Rinne, go minic.

An ndearna tú an obair sin  
riamh?  
Rinne mé uair amháin é.  
Ná déan rud mar sin go minic.  
Ní dhearna mé ceann riamh.  
Déan do cheachtanna anois, a  
Phádraig.  
Tá mé ag déanamh an tae  
anois.

anraith *soup*  
caife *coffee*  
cócó *cocoa*

an ndearna sé? *did he make,  
do?*  
nach ndearna sé? *didn't he  
make, do?*  
ní dhearna sé *he didn't  
make, do*

uair amháin *once*



Nach ndearna tú subh riamh?  
Rinne, go minic.



Nach ndearna tú anraith riamh?  
Rinne, go minic.



Nach ndearna tú cócó riamh?  
Rinne, go minic.

*Did you ever do that work?*  
*I did it just once.*  
*Don't do the like of that often.*  
*I never made one.*  
*Do your lessons now, Pádraig.*  
*I'm making the tea now.*

bain *dig, reap, cut*

bhain mé *I dug, reaped* go léir *all*  
bainte *dug, reaped* rófhliuch *too wet*  
an gairdín agamsa *my garden* cibé ar bith *however, anyway*



MORE GARDENING

*Pádraig and Séamas talk about their gardens again.*

PÁDRAIG Feicim go bhfuil an gairdín go léir bainte agat anois, a  
Shéamais.  
SÉAMAS Tá, buíochas le Dia. Bhain mé na prátaí inné.  
PÁDRAIG An ndearna tú féin an obair go léir?  
SÉAMAS Rinne, cinnte. Ní raibh mórán ann, maise.  
PÁDRAIG Bhí go leor ann. Níl aon rud bainte agam féin fós.  
SÉAMAS An ndeir tú liom é? Cén fáth?  
PÁDRAIG Níl a fhios agam. Bhí an gairdín agamsa rófhliuch,  
cibé ar bith.

PÁDRAIG *I see you have the whole garden dug now, Séamas.*  
SÉAMAS *I have, thank God. I dug the potatoes yesterday.*  
PÁDRAIG *Did you do all the work yourself?*  
SÉAMAS *I did, surely. There wasn't much, really.*  
PÁDRAIG *There was enough. I've nothing dug yet.*  
SÉAMAS *Do you tell me so? Why?*  
PÁDRAIG *I don't know. My garden was too wet, anyway*

CEACHT 54

gan aon im gan without  
without any  
butter  
gan aon iasc without any  
fish  
gan aon fheoil without any  
meat  
tar come  
ná tar do not come  
tá sé ag teacht he is coming  
bhí sé ag teacht he was coming



Ar tháinig tú abhaile gan aon im?



Ar tháinig tú abhaile gan aon fheoil?




Ar tháinig tú abhaile gan aon bhrioscaí?

Ná tar abhaile gan aon pháipéar.  
Tháinig an madra abhaile leis na leanaí.  
Sílim go bhfuil sé ag teacht abhaile gan iad.  
An ndeachaigh sé abhaile?  
Tá siad ag teacht abhaile go hÉirinn.  
Chuaigh siad go léir abhaile ar an traein.


aon any  
gan aon uibheacha without any  
eggs  
gan aon bhrioscaí without any  
biscuits  
gan aon oráistí without any  
oranges  
tháinig sé he came  
níor tháinig sé he didn't come  
ar tháinig sé? did he come?  
nár tháinig sé? didn't he come?



Ar tháinig tú abhaile gan aon iasc?



Ar tháinig tú abhaile gan aon uibheacha?



Ar tháinig tú abhaile gan aon oráistí?

Don't come home without a paper.  
The dog came home with the children.  
I think he's coming home without them.  
Did he go home?  
They are coming home to Ireland.  
They all went home on the train.

gur that

gur fhág mé that I left  
earraí goods  
mála earraí a bag of goods  
suíochán a seat  
amach leat out with you  
a bhí uaim which I wanted



NO MESSAGES

Poor Pádraig has forgotten to bring home the messages he bought for Nóra.

NÓRA An bhfuair tú na rudaí sin a bhí uaim?  
PÁDRAIG Fuair mé, cinnte. Amach leat, agus faigh as an gcarr iad. (she goes out)  
NÓRA Níl aon rud sa charr, a Phádraig.  
PÁDRAIG Nach bhfuil mála earraí ar an suíochán?  
NÓRA Níl, níl rud ar bith ann. Ná habair gur tháinig tú abhaile gan iad.  
PÁDRAIG Sílim anois gur fhág mé sa siopa iad.  
NÓRA Did you get those things I wanted?  
PÁDRAIG I did, surely. Out with you, and get them out of the car. (she goes out)  
NÓRA There's nothing in the car, Pádraig.  
PÁDRAIG Isn't there a bag of goods on the seat?  
NÓRA No, there's not a thing there. Don't say you came home without them.  
PÁDRAIG I think now I left them in the shop.



CEACHT 55

di to her

|                    |                  |              |                 |
|--------------------|------------------|--------------|-----------------|
| tabhair            | give             | ar thug sé?  | did he give?    |
| ná tabhair         | don't give       | nár thug sé? | didn't he give? |
| tá sé á thabhairt  | he is giving it  | níor thug sé | he didn't give  |
| bhí sé á thabhairt | he was giving it | thug sé      | he gave         |
| an t-airgead       | the money        | an briseadh  | the change      |
| an pá              | the pay          | an bille     | the bill        |
| an seic            | the cheque       | an cíos      | the rent        |



Nár thug sé an t-airgead di?



Nár thug sé an pá di?



Nár thug sé an seic di?



Nár thug sé an briseadh di?



Nár thug sé an bille di?



Nár thug sé an cíos di?

Tabhair an t-airgead do Sheán, más é do thoil é.

Tá mé á thabhairt dó anois.

Ná tabhair an cíos fós dó.

Rinne sé amach an bille dom ansin.

An bhfuair tú an briseadh ó fhear an tsiopa?

Nár tháinig an seic ó Sheán riamh?

Give the money to Seán, please.

I am giving it to him now.

Don't give him the rent yet.


He made out the bill for me then.

Did you get the change from the shopkeeper?

Did the cheque from Seán ever come?

chugam to me

|                      |                      |                       |                           |
|----------------------|----------------------|-----------------------|---------------------------|
| cheana               | already              | airgead an tí         | the house-money           |
| céard atá á rá agat? | what are you saying? | gur                   | that                      |
|                      |                      | gur briseadh atá uait | that it's change you want |



HOUSEKEEPING MONEY

Pádraig makes a show of holding on to the week's housekeeping money.

NÓRA Níor thug tú airgead an tí fós dom, a Phádraig.

PÁDRAIG Nár thug mé duit aréir é?

NÓRA Nach bhfuil a fhios agat nár thug?

PÁDRAIG Bhí mé cinnte gur thug. Seo duit arís é.

NÓRA Arís! Céard atá á rá agat? Ní bhfuair mé cheana é.

PÁDRAIG Tá sé agat anois, cibé ar bith. An bhfuil briseadh ag teacht chugam?

NÓRA Briseadh! B'fhéidir gur briseadh atá uait!

NÓRA You didn't give me the house-money yet, Pádraig.

PÁDRAIG Didn't I give it to you last night?

NÓRA Don't you know you didn't?

PÁDRAIG I was sure I did. Here it's for you again.

NÓRA Again! What are you saying. I didn't get it already.

PÁDRAIG You have it now anyway. Is there any change coming to me?

NÓRA Change! Maybe it's change you want!

tá sé            he is  
níl sé           he isn't  
an bhfuil sé?   is he?  
go bhfuil sé    that he is  
nacl bhfuil sé   that he isn't


inniu    today  
anois    now  
fós      yet  
arís     again



Nach bhfuil sé ann inniu?



Nach raibh sé ann riamh?



Nach bhfuil sé ann fós?

Tá an madra sin anseo arís!  
Nach raibh fear an phoist ann  
fada ó shin?  
Is dóigh liom go bhfuil Seán  
ann inniu.  
Ní dóigh liom go raibh aon  
duine ansin fós.  
Nach raibh sí ann lena  
máthair?  
Sílim go bhfuil siad go léir ann  
arís inniu.

bhí sé            he was  
ní raibh sé      he wasn't  
an raibh sé?    was he?  
go raibh sé      that he was  
nach raibh sé    that he wasn't

inné            yesterday  
riamh          ever, never  
cheana        already, before this  
fada ó shin    long ago, a long  
time ago



Nach raibh sé ann inné?



Nach bhfuil sé ann anois?




Nach raibh sé ann cheana?

That dog is here again!  
Wasn't the postman there a long  
time ago?  
I think Seán is there today.  
I don't think anyone was there  
yet.  
Wasn't she there with her mother?  
I think they're all there again  
today.

cén chaoi?            how?  
cén chaoi a bhfuil sí?   how is she?

aici            at her, with her      shíl sé            he thought  
go luath      soon                  beidh sí          she will be  
ar maidin    this morning        le cuidiú Dé    with God's help



### THE PATIENT

*Nóra enquires about Cáit's mother, who has been quite ill.*

NÓRA    Dia duit, a Cháit. Cén chaoi a bhfuil do mháthair  
inniu?  
CÁIT    Tá sí maith go leor ar maidin arís. Ach ní raibh sí go  
rómhaith inné.  
NÓRA    Buíochas le Dia go bhfuil sí go maith arís. An raibh an  
dochtúir aici ó shin?  
CÁIT    Bhí sé istigh aici arís inné.  
NÓRA    Agus céard a shíl sé?  
CÁIT    Shíl sé nach raibh sí ródhona.  
NÓRA    Beidh sí ag éirí amach arís go luath anois, le cuidiú Dé.  
  
NÓRA    Good day, Cáit. How is your mother today?  
CÁIT    She's well enough again this morning. But she wasn't too  
well yesterday.  
NÓRA    Thank God she's well again. Was the doctor with her since?  
CÁIT    He was in with her again yesterday.  
NÓRA    And what did he think?  
CÁIT    He thought she wasn't too bad.  
NÓRA    She'll be coming out again soon now, please God.



CEACHT 57

ó                    from  
ón múinteoir    from the teacher

faigh            get  
ná faigh        don't get  
tá sé á fháil    he's getting it  
bhí sé á fháil   he was getting it

ón dochtúir     from the  
                      doctor  
ón mbanaltra    from the  
                      nurse  
ón bhfeirmeoir   from the  
                      farmer



Faigh ón dochtúir iad.



Faigh ón bhfeirmeoir iad.



Faigh ón ngréasaí iad.

An bhfuair tú ón dochtúir é?  
Bhí sé á fháil ó Sheán.  
Ní bhfuair aon duine ón  
ngréasaí iad.  
Fuair mé ón mbanaltra cheana  
é.  
Tháinig an scéal sin ón  
dochtúir inné.  
Ní bhfuair mé na héadaí ón  
táilliúir fós.

ó Sheán    from Seán  
uaidh        from him

an bhfuair sé?    did he get?  
nach bhfuair sé?   didn't he get?  
ní bhfuair sé       he didn't get  
fuair sé            he got

ón siúinéir    from the  
                      carpenter  
ón ngréasaí    from the  
                      shoemaker  
ón táilliúir    from the tailor



Faigh ón mbanaltra iad.



Faigh ón siúinéir iad.




Faigh ón táilliúir iad.

Did you get it from the doctor?  
He was getting it from Seán.  
No one got them from the shoe-  
maker.  
I got it from the nurse already.  
That news came from the doctor  
yesterday.  
I didn't get the clothes from the  
tailor yet.

dearmad        mistake  
mo dhearmad   my mistake (I forgot)

na rudaí sin    those things  
shíl mé        I thought

ón siopa        from the shop  
tamall ó shin   a while ago



MESSAGES

Nóra thought Máire had gone for some messages, but didn't realise she hadn't yet given her the money.

NÓRA    Nach bhfuair tú na rudaí sin ón siopa fós, a Mháire?  
MÁIRE    Ní bhfuair. Níor thug tú aon airgead dom.  
NÓRA    Mo dhearmad! Níl briseadh agam anois. Téigh amach  
                      go daidí agus faigh uaidh é.  
MÁIRE    Cá bhfuil sé, an bhfuil a fhios agat?  
NÓRA    Is dóigh liom go bhfuil sé amuigh sa ghairdín.  
MÁIRE    Nach ndeachaigh sé síos an bóthar tamall ó shin?  
NÓRA    An ndeachaigh? Shíl mé go raibh sé sa ghairdín.

NÓRA    Didn't you get those things from the shop yet, Máire.  
MÁIRE    No. You didn't give me any money.  
NÓRA    I forgot! I have no change now. Go out to daddy and get  
                      it from him.  
MÁIRE    Where is he, do you know?  
NÓRA    I think he's outside in the garden.  
MÁIRE    Didn't he go down the road a while ago?  
NÓRA    Did he? I thought he was in the garden.



# CEACHT 58

mé *me (I)*  
t(h)ú *you*  
é *him, it*  
í *her, it*

sinn *us, we*  
sibh *you*  
iad *them*  
ceann *one*

feicim *I see*  
ní fheicim *I don't see*

an bhfaca tú? *did you see?*  
nach bhfaca tú? *didn't you see?*

chonaic mé *I saw*

ní fhaca mé *I didn't see*




Nach bhfaca tú anseo sinn?



Nach bhfaca tú ansin sinn?



Nach bhfaca tú amuigh sinn?



Nach bhfaca tú istigh sinn?



Nach bhfaca tú thuas sinn?



Nach bhfaca tú thíos sinn?

Feicim anseo anois iad.

*I see them here now.*

Ní fheicim go rómhinic anois thú.

*I don't see you too often now*

Chonaic na leanaí ann inné thú.

*The children saw you there yesterday.*

An bhfaca tú anseo cheana í?

*Did you see her here already?*

Ní fhaca mé riamh cheana sibh.


*I never saw you before.*

Chonaic sibh fada ó shin iad.

*You saw them long ago*

súil *expectation, hope (literally "an eye")*

tá súil agam *I hope* an crann *the tree*  
go bhfaca N *that N saw* ar an gcrann *on the tree*  
nach bhfaca N *that N didn't see* ach oiread *either*  
ná habair leis é *don't tell him (it)*  
leanaí beaga *small children*



## TREE-CLIMBING

*Máire is disappointed that Nóra disapproves of her tree-climbing.*

MÁIRE An bhfaca tú mé féin agus Seán thuas ar an gcrann sa ghairdín, a mhamáí?

NÓRA Chonaic mé go deimhin sibh. Tá súil agam nach bhfaca daidí sibh!

MÁIRE Cén fáth, a mhamáí?

NÓRA Mar ní maith leis leanaí beaga a dhul suas ar an gcrann sin.

MÁIRE Ní dóigh liom go bhfaca sé sinn, cibé ar bith.

NÓRA Is maith sin. Ach ní maith le mamaí sibh a dhul suas ar an gcrann, ach oiread.

MÁIRE Tá daidí ag teacht anois. Ná habair leis é.

MÁIRE *Did you see myself and Seán up on the tree in the garden, mammy?*

NÓRA *I saw you indeed. I hope daddy didn't see you.*

MÁIRE *Why, mammy?*

NÓRA *Because he doesn't like little children going up on that tree.*

MÁIRE *I don't suppose he saw us, anyway.*

NÓRA *That's good. But mammy doesn't like you going on the tree either.*

MÁIRE *Daddy's coming now. Don't tell him.*

CEACHT 59

|                     |                           |                          |                           |
|---------------------|---------------------------|--------------------------|---------------------------|
| chuir sé fearthainn | <i>it rained</i>          | tá sé ag cur fearthainne | <i>it is raining</i>      |
| chuir sé sneachta   | <i>it snowed</i>          | tá sé ag cur sneachta    | <i>it is snowing</i>      |
| chuir sé sioc       | <i>there was frost</i>    | tá sé ag cur seaca       | <i>it is freezing</i>     |
| cuir                | <i>put</i>                | ar chuir sé?             | <i>did he, it put?</i>    |
| ná cuir             | <i>don't put</i>          | nár chuir sé?            | <i>didn't he, it put?</i> |
| tá sé ag cur        | <i>he, it is putting</i>  | níor chuir sé            | <i>he, it did not put</i> |
| bhí sé ag cur       | <i>he, it was putting</i> | chuir sé                 | <i>he, it put</i>         |



Tá sé ag cur fearthainne anocht.



Tá sé ag cur sneachta anocht.



Tá sé ag cur seaca anocht.

Bhí sé ag cur seaca aréir.  
Níor chuir sé sneachta inniu fós.

Ar chuir sé fearthainn inné?  
An bhfuil sé ag cur fearthainne anois?

Níl sé ag cur seaca ar chor ar bith.

Bhí sé ag cur sneachta go deimhin.



Níl sé ag cur fearthainne anocht.



Níl sé ag cur sneachta anocht.



Níl sé ag cur seaca anocht.

*It was freezing last night.  
It didn't snow today yet.*


*Did it rain yesterday?  
Is it raining now?*

*It's not freezing at all.*

*It was snowing indeed.*

tráthnóna evening

|                |                          |           |                               |
|----------------|--------------------------|-----------|-------------------------------|
| níochán        | <i>washing</i>           | na héadaí | <i>the clothes</i>            |
| tráthnóna inné | <i>yesterday evening</i> | ar maidin | <i>this morning</i>           |
| go trom        | <i>heavily</i>           | a stór    | <i>love (form of address)</i> |



A WET WASH-DAY

*The rain came as usual just when Nóra had the washing ready for hanging out to dry.*

NÓRA Tá an níochán seo déanta anois agam, buíochas le Dia.

MÁIRE Ná cuir amach na héadaí fós, a mhamáí.

NÓRA Cén fáth, a stór?

MÁIRE Mar tá sé rófhliuch. Tá sé ag cur fearthainne anois.

NÓRA Ná habair go bhfuil sé ag cur fearthainne arís! Chuir sé go trom tráthnóna inné freisin.

MÁIRE Agus bhí sé go hálainn ar maidin.

NÓRA Bhí, ach chuir sé sioc aréir. Ní maith an rud é sin.

NÓRA *I have this washing done now, thank God.*

MÁIRE *Don't put out the clothes yet, mammy.*

NÓRA *Why, love?*

MÁIRE *Because it's too wet. It's raining now.*

NÓRA *Don't say it's raining again! It rained heavily yesterday evening also.*

MÁIRE *And it was beautiful this morning.*

NÓRA *It was, but there was frost last night. That's not good.*



as baile away from home

ó thuaidh towards the north    soir towards the east  
 ó dheas towards the south    siar towards the west

imigh go off    ar imigh sé? did he go off?  
 ná himigh don't go off    nár imigh sé? didn't he go off?  
 tá sé ag imeacht he is going off    níor imigh sé he didn't go off  
 bhí sé ag imeacht he was going off    d'imigh sé he went off



D'imigh sé ó thuaidh.



D'imigh sé ó dheas.



D'imigh sé soir.



D'imigh sé siar.



D'imigh sé amach.



D'imigh sé as baile.

Ná himigh amach anocht.  
 Imigh abhaile anois díreach.  
 Bhí sé ag imeacht ón áit sin.  
 Ar imigh sé siar an bóthar fós?  
 Níor imigh sé fós.  
 Nár imigh aon duine as an áit?

Don't go out tonight.  
 Go home now directly.  
 He was going off from that place.  
 Did he go over (west) the road yet?  
 He didn't go yet.  
 Didn't anyone leave the place?

comharsa a neighbour

de na comharsana of the neighbours    cúpla uair a couple of times  
 go rómhaith too well    le tamall for some time



## SOMEONE ILL?

Nóra has seen the doctor as well as the nurse pass by and wonders if one of the neighbours is ill.

NÓRA Níl a fhios agam an bhfuil aon duine de na comharsana tinn, a Phádraig?  
 PÁDRAIG Níor chuala mé go raibh. Cén fáth?  
 NÓRA Chonaic mé an bhanaltra ag imeacht léi siar cúpla uair inniu.  
 PÁDRAIG Maise, nach dtéann sí siar go minic?  
 NÓRA Téann, ach d'imigh an dochtúir siar tamall ó shin freisin.  
 PÁDRAIG B'fhéidir nach bhfuil sean-Séamas go rómhaith.  
 NÓRA B'fhéidir é. Ní fhaca mé é le tamall, cibé ar bith.  
 NÓRA I don't know if any of the neighbours is ill, Pádraig?  
 PÁDRAIG I didn't hear there was. Why?  
 NÓRA I saw the nurse going by (west) a couple of times today.  
 PÁDRAIG Indeed, doesn't she go by (west) often?  
 NÓRA She does, but the doctor went by (west) a while ago also.  
 PÁDRAIG Perhaps old Séamas isn't too well.  
 NÓRA Perhaps. I didn't see him for some time, anyway.



## FOCLOIRÍN

*Note:* This list is not a comprehensive vocabulary, it is merely a summary of words which have occurred in Lessons 1 to 60, giving only meanings and uses found in those lessons. Additional letters which are so often added at the beginning of words in Irish are generally omitted in this list, for example, the word "bosca" may occur in the lessons as "mbosca" or "bhosca." If the word you are looking for, therefore, does not appear in the position indicated by its spelling in the lesson, try for it again omitting the first letter, or omitting the "h" if that letter occurs in second place. However, in cases of special difficulty or necessity, such letters are left in the word to facilitate location in the list. Initial "t-" and "n-" are not shown in the word list in any case. In addition to individual words, certain phrases which might give rise to difficulty are also explained.

### a

|                                      |  |
|--------------------------------------|--|
| a (word of address, e.g.) a Sheáin   | agam at me ;                           |
| Sedn                                 | tá X agam I have X                     |
| a (used before numbers, e.g.) a haon | agat at you                            |
| one                                  | agus and                               |
| a a chlog o'clock                    | aici at her                            |
| a a chodladh to sleep, to bed        | Aifreann Mass                          |
| a which, that                        | aige at him                            |
| a his ; a bhriceasta his breakfast   | aimsir weather                         |
| her ; a briceasta her breakfast      | aintín aunt                            |
| their ; a mbriceasta their break-    | air on it, for it ;                    |
| fast                                 | on him, for him                        |
| a to, e.g. a chur to put             | airgead money                          |
| á á dhéanamh doing it, being done    | ais ar ais back                        |
| abair say ;                          | áit place ;                            |
| abair le N tell N                    | cén áit ? what place ? where ?         |
| abhaille home, homewards             | aithne recognition ;                   |
| ach but                              | níl aithne agam ar N I don't           |
| ach except, only                     | know N                                 |
| ach oiread either                    | álainn beautiful                       |
| acu at them                          | am time ;                              |
| ag at                                | am codlata bedtime                     |
| ag at, a-, e.g. tá sé ag ithe he is  | amach out                              |
| eating                               | amháin one, only                       |
| ag at ;                              | amuigh outside                         |
| tá X ag N N has X                    | an the                                 |
| bhí X ag N N had X                   | an (used before other words to ask a   |
| ag tá sé déanta ag N N has it done   | question, e.g.) an bhfuil ? is ? are ? |
|                                      | an ea ? is it ?                        |
|                                      | an- very, e.g. an-mhaith very good     |

ann in it, there  
anocht tonight  
anois now  
anraith soup  
anseo here  
ansin there  
anuraidh last year  
aois age ;

d'aois of age  
aon one, any  
aon déag eleven  
ar on ;  
ar scoil at school, to school  
ar Aifreann at Mass, to Mass  
ar ar bith in the world, at all  
ar chor ar bith at all, at all  
ar ar ais back  
ar (joins phrases or sentences, e.g.)  
cén t-am ar tháinig sé ? what time  
did he come ?  
ar (asks a question, e.g.) ar tháinig  
sé ? did he come ?  
arán bread  
aréir last night  
arís again  
as out of  
asal donkey  
atá that is, that are, who is, who  
are  
athair father

### b

bád boat  
baile home ;  
as baile away from home  
sa bhaile at home  
baile town ;  
baile mór town, big town  
bain cut, reap, dig ;  
take (off)  
báinín bawneen (white homespun  
cloth)  
bainne milk  
bainte reaped, dug, cut ;  
taken (off)  
báite drowned  
bán white

banaltra nurse  
beag small  
beaga small (more than one)  
bealach way, road  
bean woman  
beidh will be  
béile meal  
bheith being, to be  
bhfaca an bhfaca N ? did N see ?  
bhfuair ní bhfuair did not get  
an bhfuair N ? did N get ?  
bhfuil an bhfuil ? is ? am ? are ?  
bhí was, were  
bille bill  
bith world ;  
ar bith in the world, at all  
ar chor ar bith at all, at all

bliain year ;  
le bliain for a year (past)  
bliana years  
bó cow  
bord table  
bosca box  
bóthar road  
breá fine  
briceasta breakfast  
brioscaí biscuits  
briseadh change (money)  
briste broken  
briste trousers, breeches  
bróga boots, shoes  
buachaill boy  
buachaillí boys  
buidéal bottle  
bulochas thanks  
bus bus

### c

cá ? where ?  
cá cá mhéad ? how much ? how  
many ?  
cáca cake  
cad ? what ?  
cad as dó ? where is he from ?  
caife coffee  
caillín girl  
caillíní girls

caint  *talking*  
 caipín  *cap*  
 caite  *thrown, spent, wasted*  
 caith  *throw, spend, waste*  
 caithfidh N  *N must*  
 caoga  *fifty*  
 caoi  *way*;  
 cén chaoi?  *what way? how?*  
 caoineadh  *crying*  
 caora  *sheep*  
 capall  *horse*  
 cara  *friend*  
 carr  *car, motor-car*  
 casóg  *jacket*  
 cat  *cat*  
 cathair  *city*  
 cathaoir  *chair*  
 cé  *who*  
 ceacht  *lesson*  
 ceachtanna  *lessons*  
 céad  *hundred*  
 ceann  *one (literally "a head")*  
 ceannach  *buying, to buy*  
 céard?  *what?*  
 ceart  *right*;  
 i gceart  *right*  
 ceathair  *four*  
 ceithre  *four*  
 cén  *what (is) the, e.g. cén fáth?*  
 *what is the reason? why?*  
 chaith  *threw, did—throw*;  
 *spent, did—spend*  
 cheana  *already*  
 cheannaigh  *bought, did—buy*  
 chomh  *(used before "describing"*  
 *words, e.g.) chomh maith as well,*  
 *as good, so good*  
 chonaic  *saw*  
 chuaigh  *went, did—go*  
 chuala  *heard*  
 chugam  *to me*  
 chuir  *put, did—put*  
 chun  *to, towards*  
 cibé  *whatever, anyway*;  
 cibé ar bith  *anyway*  
 cinnte  *sure, certainly*  
 cíos  *rent*  
 cipín  *match*

cistin  *kitchen*  
 clog  *clock, bell*  
 cócó  *cocoa*  
 codladh  *sleep*;  
 a chodladh  *to sleep*  
 codlata  *of sleep, for sleep*  
 cófra  *press, cupboard*  
 comharsa  *neighbour*  
 comharsana  *neighbours*  
 coirce  *oats*  
 cor ar chor ar bith  *at all, at all*  
 cosúil  *like, similar*  
 cosúil le  *similar to*  
 cóta  *coat*;  
 cóta mór  *overcoat*  
 crann  *tree*  
 creidim  *I believe*  
 crúiscín  *jug*  
 cruithreach  *wheat*  
 cuid  *share, portion, some*  
 cuidiú  *help*  
 cuidiú  *helping, to help*  
 cúig  *five*  
 cuir  *put*  
 cuma  *appearance*  
 cupán  *cup*  
 cúpla  *couple*  
 cur  *putting, to put*  
 curtha  *put, sown, planted, sent*

## d

d'  *(used before some action words,*  
 *e.g.) d'imigh sé he went*  
 daichead  *forty*  
 daidí  *daddy*  
 damhsa  *dance*  
 damhsa  *dancing, to dance*  
 dána  *bold*  
 daoibh  *to you (more than one*  
 *person)*;  
 Dia daoibh  *God save you, good day*  
 daoine  *people*  
 daor  *dear*  
 dath  *colour*  
 de  *of, off*  
 de  *of him (it)*;  
 "off him (it)"

Dé  *of God*  
 déag aon déag  *eleven*  
 dó dhéag  *twelve*  
 trí déag  *thirteen*  
 etc.  
 déan  *make, do*  
 déanamh  *making, to make*;  
 *doing, to do*  
 déanta  *done, made*  
 dearmad  *mistake*  
 dearna ní dhearna  *did not do(make)*  
 an ndearna N?  *did N do*  
 *(make)?*  
 deartháir  *brother*  
 deas  *nice*  
 deich  *ten*  
 deimhin go deimhin  *indeed*  
 deir  *says, do—say, does—say*  
 deirfiúr  *sister*  
 dhá  *two*  
 dheachaigh ní dheachaigh  *did not go*  
 dheas ó dheas  *towards the south*  
 di  *to her, for her*  
 di  *of her*;  
 "off her"  
 Dia  *God*  
 diaidh i ndiaidh  *after*  
 i mo dhiaidh  *after me*  
 dinnéar  *dinner*  
 díot  *of you (one person)*;  
 "off you"  *(one person)*  
 díreach  *straight, exactly*;  
 anois díreach  *just now*  
 do  *to, for*  
 do  *your (one person), e.g. do bhric-*  
 *feasta your breakfast*  
 dó  *to him, for him*  
 dó  *two*  
 dócha is dócha  *probably*  
 dochar  *harm*  
 dochtúir  *doctor*  
 dó dhéag  *twelve*  
 dóigh  *likelihood, manner*;  
 is dóigh liom  *I suppose*  
 an dóigh leat?  *do you suppose?*  
 ar ndóigh  *of course*  
 dom  *to me, for me*  
 don  *to the, for the*

dona  *bad*  
 doras  *door*  
 dorchá  *dark*  
 drisiúr  *dresser*  
 dtí go dtí  *to, towards, until*  
 duine  *person*  
 dúirt  *said*  
 duit  *to you, for you (one person)*;  
 seo duit!  *here you are!*  
 dul  *going, to go*

## e

é  *him, it*;  
 é sin  *that*  
 ea  *it*  
 éadaí  *clothes*  
 earrach  *spring*  
 earraí  *goods*  
 éigin  *some*  
 eile  *other, else*  
 éis tar éis  *after*  
 éist  *listen*;  
 éist le  *listen to, hear*  
 d'éist  *listened*  
 éisteacht  *listening, to listen*  
 eitleán  *aeroplane*

## f

faca ní fhaca  *did not see*  
 an bhfaca N?  *did N see?*  
 fad ar fad  *altogether, entirely*  
 fad i bhfad  *long*  
 fada  *long*  
 fada le fada  *for a long time*  
 fág  *leave*  
 faigh  *get*  
 fáil  *getting, to get*  
 fáilte  *welcome*;  
 fáilte romhat  *you're welcome*  
 fanacht  *staying, to stay*  
 faoi  *under, about*  
 faoin  *under the, about the*  
 fáth  *cause, reason*;  
 cén fáth?  *what reason? why?*  
 féach  *look*  
 féachaint  *looking, to look*



fear *man*  
 fear an phoist *postman*  
 fearthainn *rain*  
 fearthainne *of rain*  
 feicim *I see*  
 feiceáil *seeing, to see*  
 feiceann *sees, does — see*  
 féidir *is féidir le N N can*  
 ní féidir le N *N cannot*  
 b'fhéidir *perhaps*

féin *self*;  
 tú féin *yourself*  
 feirmeoir *farmer*  
 feoil *meat*  
 fhág *left, did — leave*  
 fiacloir *dentist*  
 fiche *twenty*  
 fios *knowledge*;  
 níl a fhios agam *I don't know*  
 fliuch *wet*  
 fochupán *saucer*  
 foghlaim *learning, to learn*  
 fóimhar *autumn*  
 forc *fork*  
 fós *yet*  
 freisin *also*  
 fuair *got, did — get*  
 fuar *cold*  
 fuil *is, are, am (after an, nach, go)*  
 an bhfuil N ? *is N ? are NN ?*  
 nach bhfuil N *that N is not*  
 go bhfuil N *that N is*  
 fuinneog *window*

## G

gabh *take, accept*;  
 gabh mo leithscéal *I beg your*  
 pardon, excuse me  
 gach *every*  
 gairdín *garden*  
 gan *without*  
 garda *guard*  
 gardaí *guards*  
 geal *bright*  
 geimhreadh *winter*  
 glan *clean*

gloine *glass*  
 go *to*  
 go (used before "describing" words,  
 e.g.) *go deas nice, nicely*  
 go *that, e.g. go raibh N that N was*  
 go dtí *to, towards, until*  
 gréasaí *shoemaker*  
 gúna *gown, frock, dress*  
 gur *that*

## H

halla *hall, porch*  
 hata *hat*

## I

i *in*  
 í *her, it*  
 iad *them*  
 iasc *fish*  
 im *butter*  
 imeacht *going off (away), to go off*  
 (away)  
 imigh *go off (away);*  
 went off (away), did — go  
 off (away)  
 imirt *playing, to play*  
 imithe *gone off, gone away*  
 in *in*  
 ina *in his, in her, in their (see a)*  
 iníon *daughter*  
 inné *yesterday*  
 inniu *today*  
 iontach *wonderful*  
 is *is*  
 is *and*;  
 bliain *is caoga a year and fifty,*  
 fifty-one years  
 isteach *in*  
 istigh *inside*  
 ite *eaten*  
 ith *eat*;  
 d'ith *ate*  
 ithe *eating, to eat*

## L

lá *day*  
 laethanta *days*  
 lag *weak*  
 láidir *strong*  
 lán *full*;  
 a lán *many*  
 lánsásta *well satisfied*  
 le *with, to*  
 le ag caint *le talking to*  
 le le dul *to go*  
 leaba *bed*  
 léamh *reading, to read*  
 leanai *children*  
 leanbh *child*  
 leann *ale*  
 leat *with you*  
 léi *with her*  
 léim *jump*;  
 jumping, to jump;  
 jumped  
 léine *shirt*  
 léir *go léir all*  
 leis *with, with him*  
 leithscéal *excuse*;  
 gabh mo leithscéal *excuse me*  
 leo *with them*  
 leor *go leor enough*  
 leoraí *lorry*  
 liathróid *ball*  
 liom *with me, to me*;  
 dúirt sé liom *he told me*  
 liom cara liom *a friend of mine*  
 lón *lunch*  
 long *ship*  
 luath *soon, early*  
 luí *lying down*

## M

má *if*  
 mac *son*  
 madra *dog*  
 maidin *morning*  
 maire *go maire tú é well may you*  
 wear it

maith *good*;  
 is maith liom *I like*  
 an maith leat ? *do you like ?*  
 ní maith liom *I don't like*  
 ar mhaith leat ? *would you like ?*  
 ba mhaith liom *I would like*  
 níor mhaith liom *I wouldn't like*  
 go raibh maith agat *thank you*  
 mála *bag*  
 mall *slow, late*  
 mamaí *mammy*  
 mar *like, as*;  
 mar sin *like that, so, therefore*  
 mar *because*  
 más *if (it) is*  
 máthair *mother*  
 mé *I, me*  
 méad cá mhéad ? *how much ? how*  
 many ?  
 méid *amount, quantity*  
 millis *sweet*  
 minic *often*  
 mise *I, me (emphatic)*  
 mo *my, e.g. mo bhriceasta my*  
 breakfast  
 mór *big, large*  
 mórán *many, much*  
 múinteoir *teacher*  
 múinteoirí *teachers*  
 Muire (the Virgin) *Mary*

## N

na *the (more than one), of the*  
 ná *do not, e.g. ná tabhair do not give*  
 ná *nor*  
 nach *(asks a negative question, e.g.)*  
 nach bhfuil ? *isn't ?*  
 naoi *nine*  
 nár *(asks a negative question, e.g.) nár*  
 tháinig sé ? *didn't he come ?*  
 ndeachaigh an ndeachaigh ? *did —*  
 go ?  
 nach ndeachaigh ? *didn't — go ?*  
 ní *(negatives a word, e.g.) ní hea no,*  
 it is not  
 níl *is not, are not, am not*  
 níos níos *washing*



níor (*negatives a verb, e.g.*) níor  
tháinig sé *he didn't come*  
nócha *ninety*  
nóiméad *minute*  
nua *new*

## O

ó *from, since;*  
ó shin *since then*  
obair *work*  
obair *working, to work*  
ocht *eight*  
ochtó *eighty*  
óg *young*  
oíche *night*  
oiread ach oiread *either*  
ól *drinking, to drink, drink, did —*  
*drink*  
ólta *drunk*  
ón *from the*  
oráistí *oranges*  
orm *on me*  
ort *on you*  
ospidéal *hospital*

## P

pá *pay*  
páipéar *paper*  
páirc *field, park*  
phoist fear an phoist *postman*  
pictiúr *picture*  
pictiúir *pictures*  
pingin *penny*  
pionta *pint*  
píopa *pipe*  
píosa *piece*  
pláta *plate*  
póca *pocket*  
prátaí *potatoes*  
punt *pound*

## R

rá *saying, to say*  
raibh *was, were; may be*  
go raibh N *that N was*

nach raibh N *that N was not*  
go raibh maith agat *thank you*  
ramhar *fat*  
réal *sixpence*  
réidh *ready*  
reoite *frozen;*  
uachtar reoite *ice-cream*  
riamh *ever, never*  
rinne *did, made, did — do, did —*  
*make*  
rith *run, running, to run; ran, did*  
*— run*  
ró- *too;*  
rófhliuch *too wet*  
rómhaith *too good*  
rómhór *too big*  
rombat *before you*  
rothar *bicycle*  
rud *thing*  
rudai *things*

## S

's *and*  
sa *in the, into the*  
sagart *priest*  
salach *dirty*  
samhradh *summer*  
san *in the*  
saoire laethanta saoire *holidays*  
saor *cheap*  
sásta *satisfied*  
scairf *scarf*  
scian *knife*  
scilling *skilling*  
scoil *school;*  
ar scoil *to school, at school*  
scriobh *to write*  
scútar *scooter*  
sé *he, it*  
sé *six*  
seaca *of frost*  
seacht *seven*  
seachtain *week*  
seachtó *seventy*  
sean *old;*  
seanchara *old friend*  
seasca *sixty*

seic *cheque*  
séipéal *chapel*  
seisean *he (emphatic)*  
seo *this, these*  
seo! *here!*  
seomra *room*  
shamhraidh (of) *summer;*  
aimsir shamhraidh *summer weather*  
shíl *thought, did — think*  
shiúil *walked*  
sí *she, it*  
siad *they*  
siar *towards the west*  
sibh *you (more than one)*  
sílím *I think*  
sin *that, those*  
sinn *we, us*  
sioc *frost*  
siopa *shop*  
siopadóir *shopkeeper*  
síos *down, downward*  
sise *she (emphatic)*  
siúcra *sugar*  
siúinéir *carpenter*  
siúl *walking, to walk*  
siúl ar siúl *going on*  
slaghdán *cold*  
slán slán agat *good-bye (one person)*  
slán leat *good-bye (one person)*  
sneachta *snow*  
soir *towards the east*  
spúnóg *spoon*  
sráid *street*  
staighre *stairs*  
stáisiún *station*  
stampa *stamp*  
stoca *stocking, sock*  
stocai *stockings, socks*  
stoirm *storm*  
stól *stool*  
stór a stór *my love*  
suas *up, upward*  
subh *jam*  
súgradh *playing, to play*  
suigh *sit*  
súil *expectation, hope (literally "an*  
*eye")*  
tá súil agam *I hope*

suíochán *seat*  
suipear *supper*

## T

tá *is, am, are*  
tabhair *give*  
tabhairt *giving, to give*  
tae *tea*  
taephota *teapot*  
táilliúir *tailor*  
taispeáin *show*  
talamh *ground, land*  
tamall *while;*  
tamall ó shin *some time ago*  
le tamall *for some time past*  
tanaí *thin*  
tapa *quick, quickly*  
tar *come*  
tar tar éis *after*  
tart *thirst;*  
tá tart orm *I'm thirsty*  
te *hot*  
teach *house*  
teacht *coming, to come*  
téigh *go*  
tháinig *came, did — come*  
thall *yonder, over there*  
thart *over, by*  
thíos *below*  
thit *fell, did — fall*  
thuaidh *north;*  
ó thuaidh *towards the north*  
thuas *above*  
thug *gave, did give*  
tí *of the house*  
tine *fire*  
tinn *ill, sick*  
tirim *dry*  
tobac *tobacco*  
toil *will, pleasure;*  
más é do thoil é *if you please*  
toitín *cigarette*  
traein *train*  
tráthnóna *evening*  
trí *three*  
tríocha *thirty*  
trom *heavy, heavily*

trua *pity ;*  
is trua sin *that's a pity*  
tú *you (one person)*  
tuigim *I understand*  
tuirseach *tired*

## U

uachtar *cream ;*  
uachtar reoite *ice-cream*

uaidh *from him ;*  
tá X uaidh *he wants X*  
uaim *from me ;*  
tá X uaim *I want X*  
uair *time, hour*  
uait *from you ;*  
atá uait *that you want*  
uibheacha *eggs*  
uirthi *on her*  
uisce *water*  
uncail *uncle*